# Nuachtlitir Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí Eagrán 1: Meán Fómhair 2020

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

@jct_RE www.jct.ie info@jct.ie

**A chomhghleacaithe an OR,**
Fáilte go dtí eagrán Mheán Fómhair de nuachtlitir OR na Sraithe Sóisearaí. Foilseofar na nuachtlitreacha seo gach mí chun cabhrú leat i rith na bliana acadúla seo.

## Tacaí don dara hábhar

De ghnáth i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair cuirimid ceardlanna duine le duine don dara hábhar teagaisc ar fáil in ionaid oideachais. I mbliana níl sé sin indéanta. Dá bhrí sin, rinne muid gach ceann de na ceardlanna sin, lena n-áirítear acmhainní agus ábhair thacaíochta, a chur ar fáil ar líne. Is féidir rochtain a fháil orthu sin ón leathanach baile ar www.jct.ie nó trí chliceáil anseo.

## Dátaí don dialann –Meán Fómhair 2020

**Imeachtaí agus ceiliúradh atá le teacht ón bhféilire idirchreidimh**

**1ú - 4ú** Deireadh Fómhair Séasúr an Chruthaithe/ Iubhaile don Domhan

**2nd-17th** Pitru Paksha Shradh (Hiondúchas)

**19ú** Rosh Hashanah (Giúdachas)

**27ú** Féile an Fhómhair (Críostaíocht)

**28ú** Yom Kippur - Giúdach
Lá an Leorghnímh (Giúdachas)

## Príomhscil i bhfócas: Ag Fanacht Folláin

- Ní raibh an phríomhscil "Ag Fanacht Folláin" riamh chomh tábhachtach agus atá anois i bhfianaise an chomhthéacs reatha. Áirítear ann:
- A bheith folláin, fisicúil agus gníomhach



- A bheith sóisialta
- A bheith slán
- A bheith spioradálta
- A bheith muiníneach
- A bheith dearfach faoin bhfoghlaim
- A bheith freagrach, slán agus eiticiúil nuair atá teicneolaíocht dhigiteach in úsáid

Is é an pointe tosaigh is fearr do phleanáil na roinne i mbliana machnamh a dhéanamh ar Fhanacht Folláin. Beidh eispéiris dhifriúla ag gach duine ar an bpaindéim agus tógfaidh sé am dul i dtaithí ar an 'ngnáthnós nua'. Má thógtar am chun iarracht a dhéanamh an scil seo a shní isteach i bpleanáil do roinne, cabhróidh sé leat féin agus le do scoláirí dul i dtaithí ar a bheith ar ais i dtimpeallacht na scoile agus a bheith réidh chun dul i ngleic go hiomlán leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. Beidh fócas ar fholláine na foirne agus na scoláirí araon tábhachtach i rith na bliana.

## Folláine an Mhúinteora

Ar mhaithe le d'fholláine féin, cuimsítear roinnt acmhainní agus naisc úsáideacha sa doiciméad ag an ROS, **'Tacú le Folláine na bPobal Scoile agus Scoileanna ag Athoscailt: Treoir do Scoileanna'**.

Cuimhnigh, is tábhachtach i gcónaí am a ghlacadh le haghaidh féinchúraim agus tú ag iarraidh aire a thabhairt do dhaoine eile. Más mian leat spreagthaí laethúla le haghaidh féinchúraim, féach ar an bhféilire 'Gníomh don sonas': https://www.actionforhappiness.org/self-care-september



@jct_RE www.jct.ie info@jct.ie

## Leideanna teicneolaíochta


Ag cloí leis an bpríomhscil 'ag fanacht folláin ', a spreagann úsáid fhreagrach agus eiticiúil na teicneolaíochta digití, ba mhaith linn roinnt foinsí a mholadh chun ábhar saor ó chóipcheart a aimsiú, is féidir leat a úsáid in OR agus ar féidir leat do scoláirí a spreagadh lena n-úsáid freisin. De bhrí go luaitear inár sonraíocht a bheith ag maireachtáil de réir ár luachanna agus ár bhfreagrachtaí i leith daoine eile, is sampla iontach é seo le haird a tharraingt air i measc na scoláirí agus an teicneolaíocht á húsáid san OR.

**www.pexels.com/**
**www.picturesforclass.com/**
**www.pixabay.com/**
**www.pics4learning.com/**

## Straitéis mholta don fhoghlaim le linn scaradh sóisialta

Dóibh siúd a bhí linn le haghaidh lá FGL 2019-2020 b'fhéidir gur cuimhin libh an gnáthamh smaointeoireachta 'Féach, Smaoinigh, Déan Machnamh' (tá sé seo le fáil freisin sna taifeadtaí nua físghabháil scáileáin dóibh siúd nach raibh linn nó iad siúd ar mian leo achoimre a fheiceáil ar an gcaoi a n-oibríonn sé). Is straitéis iontach é seo le húsáid i seomra ranga le riachtanais a bhaineann le scaradh sóisialta agus oibríonn sé go maith le haghaidh eispéiris foghlama ar líne. Nuair a fhaighimid ár n-íomhánna saor ó chóipcheart is bealach iontach é seo chun iad a úsáid! Chun cabhair a fháil leis an ngnáthamh seo in úsáid, cliceáil anseo.

## OR sa Nuacht



Scéal amháin a tharraing ár n-aird an samhradh seo, is ea ceiliúradh Eid i bPáirc an Chrócaigh. Is dóigh iontach í sin le tús a chur le comhrá i measc na scoláirí, d'fhéadfadh sé seo a bheith mar chuid d'aonaid éagsúla foghlama agus naisc aige le torthaí foghlama 1.1, 1.6, 1.8, 1.10.

Seo nasc chuig an gclúdach a rinne RTÉ ar an ócáid le gearrthóga físe, agallaimh agus litir ón Uachtarán, Michael D. Higgins


· Croke Park Eid prayers - https://www.rte.ie/news/2020/0731/1156594-eid-croke-park/

## Athfhriotal na míosa

*"There was never a night or a problem that could defeat sunrise or hope."*
- Bernard Williams

## Ag díriú ar an bpleanáil

Is físeán gearr é an nasc thíos a chruthaigh muid ar aonaid phleanála foghlama don OR sa tSraith Shóisearach - is ré-amhrá iontach é dóibh siúd a bheas ag múineadh ón tsonraíocht den chéad uair nó achoimre thapa dóibh siúd ar mian leo meabhrúchán a fháil ar na bunghnéithe.




## CBA1

Má tá scoláirí á n-ullmhú agat do MRB 1 is fiú a thabhairt faoi deara nár tugadh dátaí go fóill don dara bliain i mbliana. A luaithe agus a fhógraítear na dátaí nó aon nuashonruithe eile, roinnfimid an fhaisnéis sin trínár liosta seoltaí, ar ár gcuntas twitter agus sa rannóg nuachta dár láithreán gréasáin. Leagfaimid béim freisin ar shonraí ár dtacaí MRB 1 i nuachtlitreacha amach anseo.

## Liosta ríomhphoist

Má tá aon chomhghleacaithe agat nach bhfuair an nuachtlitir seo, spreag iad chun clárú lenár liosta seoltaí anseo:

Le dea-mhian don scoilbhliain nua,

*Foireann an Oideachais Reiligiúnaigh*